ARÁ MÓR

Ċuir daoine in Árainn, suim insan giota nuaíoċta a ḃí ar páipéar Béarla an tseaċtain seo caite, go raiḃ luċt gnóta ó Leitir Ceanainn, ag caiteaṁ a gcuid saor-ama ag dul amaċ ag slat-iascaireaċt farraige, agus ag coinneáil cuntas ar na h-áiteaċa ar ḃeir siad ar éisc, agus dá ṁarcáil ar léarscáil mór. Tá sé i gceist acu suirḃé iascaireaċta a ḋéanaṁ de ċósta Iar-Ṫuaiḋ Ḋún na nGall, agus tá ḃádaí beaga meall acu fána ċoinne, sé cinn ar fad. Sin é a scríoḃ Éamonn Ó Ceallaig, Bob Rafter ⁊ Caoiṁín Ó Beirn, Caṫal Ó Ceallaig, Seán Mac Cléin agus Ronnie agus C. Harrison. Tá sé an speisiúil, aċ b'ḟéidir naċ ḃfuil ḟios ag an luċt gnóta seo go raiḃ an rud céanna ar siúl le blianta ag an tAṫair Mac Grianra, S.C., agus Brian Ó Gallċoḃair, O.S., ins na h-uiscí ṫart timpeall Árainn agus go ḃfuil ḟios acu anois, cé'n áit is fearr le breiṫ ar aċan ċineál éisc ins na farraigí ṫart timpeall ar Árainn, agus amaċ ar gaċ taoḃ de. Is maiṫ an rud go ḃfuil daoine eile dá ḋéanaṁ anois, do uiscí do uiscí eile ṫart timpeall an ċósta.

Rud eile a ḃí ins na páipéir Béarla an tseaċtain seo caite, nó go ḃfuil Coṁairle Condae Ḋún na nGall, ag iarraiḋ iasaċtaí de £800.000 fá ċoinne scéimeanna uisce fríd an taoḃ ṫeas agus an taoḃ ṫoir den ċondae, £10,000 fá ċoinne teaċ na mBoċt, Sraiṫ an Urláir, agus na mílte agus na míle fá ċoinne aċan rud eile. Aċ rud aṁáin naċ raiḃ ina measc, ná go raiḃ airgead ar biṫ dá iarraiḋ, nó dá réitiú fá ċoinne córas uisce Árann. Tá aċan ḋuine seo ag cur ceist anois. Cad a ṫárla don scéim seo, nó an mbeiḋ sé déanta i mbliana nó tús na bliana seo ċugainn, faoi mar a geallaḋ ċor ar biṫ.

Cúis bróin in Árainn Ṁóir bás Áine, Bean Ṁic Ruaiḋrí, Uilleann, ag an Ospidéal san Ċloċán Liaṫ. Ní raiḃ sí aċ na trí-scór bliain d'aois. Níṫear coṁḃrón lena fear céile, Caṫal Mac Ruaiḋrí, a h-inionaċa, Máire, Nóra agus Gráinne, agus a deirfiúraċa, Gráinne Bean Uí Ḃaoill, Máiréad Bean Uí Ṁóráin, agus Bríd Ní Ḃaoill.

Bás eile as Árainn, Proinsias Ó Cnáiṁsí, as Baile an Tráiġe, a fuair bás i nGlascú. Ḃí sé in aois a 65 bliana d'aois, agus ní raiḃ an tsláinte go maiṫ aige le cúpla mí. Tugaḋ an corp na baile go hÁrainn Ṁór, áit ar ḋúirt an tAṫair Ó Doċartaig na paidreaċa ag an uaig. Níṫear coṁḃrón lena ṁac, Concuḃar Ó Cnáiṁsí, agus inion, Bríd Ní Cnáiṁsí, agus a ḋearṫáir, Pádraic Ó Cnáiṁsí, Leaḃ Garḃ, agus a ḋeirfiúr, Úna Bean Uí Ḃeirn, Baile Áṫa Cliaṫ.

Agus amuiġ in Ḃictoria, British Columbia, d'éag Connie Ó Congaile, as an Leaḃ Garḃ. Ḃí sé na trí-scóir go leiṫ, agus ċuaiġ sé go Canada lena ṫeallaċ tá 63 bliana ó ṡin. Ṫoil sé a ḃeaṫa ag obair ar bóiṫre Airainn, agus ḃí sé na Máistir Stáisiún i Manitoba le blianta fada.

Tá scéala fosta gur éag Gráinne Ní Eaḋra, as Poll a' Ṁádaí in Chicago.

Sa ḃaile ar laeṫa saoire ó Chicago tá Síle Howard, as Baile an Trá, agus Máiréad Ní Ḃaoill, as Léaḃ Garḃ, Uaċtaraċ.

Tá an tAṫair Mac Ṗáidín, S.P. Ailt an Ċorráin, ar laeṫa saoire san am i láṫair.

ACAILL

Ḃí beagnaċ trí-scór slat-iascairí páirteaċ i ḃFéile Slat-Iascaireaċt Farraige, Dé Doṁnaiġ. Eric Mac Aoiḋ, Raṫ Fearnáin, Baile Áṫa Cliaṫ, a ḃuaiġ comórtas uile Éireann, bád foscailte ,le 82 punt meaċán. a ṫug sé i dtír. Seamus Stioḃáird, as Nua Ross, a ḃí san dara h-áit. Éamonn Mac Aoḋa, a fuair an trosc ab' ḟearr, 14 pt 6 únsa, ⁊ Bean Ṡeosaiṁ Ṁic Suiḃne, Acaill, san dara h-áit, le 13 pt. 3 únsa, C. Ó Sé, Baile Áṫa Cliaṫ, a ṫóg an pollóg ab' ġearr le 9 pt. 6 únsa, agus Antoine Ó Gall-ċoḃair, Caol, sa dara h-áit, le ceann 9 bunt. Ḃuaiġ Percí Hennet, Baile Áṫa Cliaṫ Corn Uí Ṁáille leis an bréim ab' ḟearr, agus Bean Hennet agus B. Stanton, Cill Ċoinniġ, san dara h-áit. Ar na buaiteoirí eile, ḃí Seoirse Ó Máille, Luimneaċ ⁊ Bean an Dr. Mac An Rí, Caol: Bean S. Mac Suiḃne, Gob a' Ċoire. Níor ḃronnaḋ an corn don searc ab' ḟearr, ar an ábar nár beireaḋ ar searc ar biṫ. Pádraic Ó Caṫain, Caol, a fuair duais na mbádóirí

Siad oifigiġ agus coiste Muintir Aċla don bliain seo ċugainn: Caṫaoirleaċ, S. Ó Mórán, Co.C.; leas - ċaṫaoirleaċ, Seán Mac an Ultaiġ, O.S.; rúnaí, S. Ó Caoiṁ, B.A.; cisteoir, B. Ó Faṫaiġ. B.A. Coiste—An tAṫair Mac Enrí, S.C., An tAṫair Mac Gloinn, S.C., Brian Ó Corragáin, Éamonn Ó Gallċoḃair, S. Mac Cillḃáin. Éamonn Ó Mórán, É. Ó Ceallaiġ, P Labelle, Seán Mac na Mara, Donnċa Ó Gallċoḃair, P. Seoiġe, P. Ó Conḃuí, T. Mac Seáin agus S. Mac na Mara. Rinneaḋ coṁġáirdeas le S. Ó Ceallaiġ, B.A., ar na pósaḋ. Ḃí sé na leas-uaċtarán don ḃliain seo caite.

Tá Pádraic Mac Ṗáidín, peileadóir cliúteaċ do ċuid Aċla, sa ḃaile arís, taréis coicís laeṫa saoire a ċaiteaṁ i Londain, áit a raiḃ sé ag caint agus a' coṁrá le cuid ṁaiṫ de na daoine a ḃíoḋ ag imirt leis ar ḟoireann Aċla sna blianta caite.

D'iad an foireann a ṡeas cliú lo Acaill i gcomórtas na sóisear i gcoinniḃ Beannċor, Dé Doṁnaiġ seo caite, i gCaisleán a' Ḃarraiġ, nó: E. Ó Ceallaiġ, S. Ó Toċar, D. Mac Aoḋa, A. Ó Gallċoḃair, M. English, R. Ó Ceallaiġ. S. S. Ó Ceallaiġ, S. Mac an Ultaiġ, P. Ó Corragáin, S. Ó Máille, M. S. Ó Rudaí, S. Mac Cillḃáin, P. Cillḃáin, S. Ó Mórán, D. Ó Loingsiġ, S. Cillḃáin, B. Ó Muirí, S. Ó Muirí P. Mac Ṗáidín agus S. Cillḃáin.

Cúis bróin sa gceantar ar fad bás Ṁíċíl Uí Ċorragáin, Aḃainn Ḋuḃ, in aois a 84 bliana. Ní raiḃ an tsláinte ró ṁaiṫ aige le tamal lanuas. Níṫear coṁḃrón lena bean, Sabrina, a inionaċa, Máire agus Bríd, a ḃeirt mac, Séamas agus Seán, agus leis na gaolta uile. Tugaḋ an corp go Séipéal Gob a' Ċoire ar an Saṫarn, agus ċuaiġ soċraid ṁór leis go Reilig Gob a' Ċoire taréis Aifreann ar an Doṁnaċ. Léiġeaḋ Aifreann Solúnta na Marḃ ar son a anama ar an Luan.

An Cloċán Liaṫ

Ba ṁillteanaċ an geit a baineaḋ as muintir na Rosann nuair a buaḋ ar foireann an Ċloċáin Léiṫ, agus buaḋ orta go maiṫ. Foireann Naoṁ Seosaṁ a ḃuaiġ orta le scór 4-10 in éadan 3-9 don Ċloċán Liaṫ. Cuireaḋ foireann an Ċloċán Léiṫ tar na nDóií ar fad, leis an luas agus an fuinneaṁ agus an ċó-oibriú a ḃí ag foireann Naoṁ Ṡeosaiṁ. Óna céad cúpla bomaite, ḃí an Cloċán Liaṫ ar gcúl, agus cé naċ dtug siad suas ariaṁ, is beag seans a ḃí acu ó sin go dtí an deireaḋ.

RAṪ AR SCRÍOḂNÓIREAĊT GAEILGE

TORṪAÍ NA COMÓRTAS LITEARṪA AGUS CEOIL AN OIREAĊTAIS

Dráma Ilgníoṁ: £200 mar duais á ċoṁṫairiscint ag an Oireaċtas agus Taiḃḋearc na Gaillime. An Duais £200. Diarmaid Ó Súilleaḃáin, Cluainín, Guaire, Co. Loċ Garman, ar a ḋráma, "Ḃíor". Duais speisialta aiṫeantais de 40 giní do Ċríostóir Ó Floinn, 75 Páirc Arnold, Gleann an Ġaorṫa, Co. Áṫa Cliaṫ ar a ḋráma, "Beaṫa Ḋuine A Ṫoil."

Dráma le haġaiḋ na Telefíse: £150 de ḋuais á coṁṫairiscint ag an Oireaċtas agus Telefís Éireann. An Duais £150; An Captaen Pádraig Ó Siocḟraḋa, An Coláiste Míleaṫa, Campa an Ċurraiġ, ar a ḋráma , "An Fear Faire."

Gearrḋráma Éinġníṁ: £40 de Ḋuais. Tá an duais roinnte idir Tomás Daltún, Slí an Aifrinn, Áṫ Luain agus Dónall Mac Aṁlaiġ, 34 St. Michael's Mount, Northampton, Sasana.

Duais an Ċumann Scoilḋrámaíoċta: £30 de ḋuais. Tá an duais seo roinnte idir Pádraig Ó Dálaiġ, 14 Páirc na Sruṫ, An Loċ, Corcaiġ agus Seán Ó Gallċóir, Coiṫín, Doire Beag, Tír Ċonaill.

Duais an Ċlubleaḃar: £200 mar ḋuais as bunleaḃar nuaċumṫa le haġaiḋ gnáṫ-leiṫeoirí na Gaeilge: An Duais £200 — Seán Ó Luing, 30 Ascal na Coille, Teaċ Lorcáin, Co. Áṫa Cliaṫ, ar a leaḃar "Beaṫa Uí Ḋonnaḃáin Rossa." Duais speisialta aiṫeantais de £100 do Ḃreandán Ó Buaċalla, Cnoc na Sí, An Ċarraig Ḋuḃ, Co. Áṫa Cliaṫ. ar a leaḃar, "I mBéal Feirste Cois Cuain."

Duais na Coṁḋála: Duais de £75 ar ábar bunleaḃar (30,000 focal) a scríoḃfar d'óg-leiṫeoirí na Gaeilge, buaċaillí agus cailíní (14-17) bliana d'aois. An Duais £75: Diarmaid Ó Súilleaḃáin, Cluainín, Guaire, Co. Loċ Garman.

Gearrscéal: Duais an Ṁaolánaiġ: An ċéad duais £15: Éamon Maolṁuaiḋ, 2, Drumartain Cres-cent, Cillmacud, Áṫ Cliaṫ. An dara duais, £7-10-0 — Míċeál Ó hÓḋráin, 3 Cearnóg Belgrave, Áṫ Cliaṫ, 6.

Aiste Eolais oiriúnaċ le foilsiú i ḃfoirm leaḃráin. Duais £25: Cian S. Ó hÉigeartaiġ, 37 Bóṫar na hArd Páirce, Áṫ Cliaṫ 6, ar a leaḃar, "Seán Gearċltaċ Ó Cinnéide."

Dán fada: Duais £25: Séamus Ó Céilleaċair, Sceiṫín a' Rince, An Ċúirt Dóite, Caṫair Dún Iascaiġ, Co. Tiobráid Árann.

Bailéad: Duais £7-10-0: S. S. Ó Duḃṫaiġ, Ráṫ na gCupán, Aċaḋ Mór, Béal Áṫa hAṁnais, Co. Ṁuiġeo.

Dréaċt Filíoċta: Duais £7-10s —Seán Bacaoir, Drombán, Dúrlas Éile.

Iarraċt Filíoċta: Duais £10: Mrs. G. D. C. Hardir, Forestry Commission, Caddicott Schools, Highbury Road, Hitchin, Herts. Duais £5—Seán Ó Leoċáin, 36 Ardán Naoṁ Áine, Áṫ Luain. Duais £5—Seán Bacaoir, Drom-bán, Dúrlas Éile.

Duais Ṗóil Uí Ḃroin: Duais £15 ar ḋréaċt filíoċta i méadraċt dúċais Gaeilge, ar ábar ar biṫ. Duais Aiṫeantais de £5 — Séamas Ó Maoilearca, Móinteaċ Míleaċ, Co. Laoise.

Gearrscéal: An ċéad duais, £15 — Seán Ó Gallċoḃair, Coiṫín, Doire Beag, Tír Ċonaill. An dara duais, £7-10-0 — Áine Nic Liaga, Coill Ḟeargail, An Cloċán, Tír Ċonaill.

Iarraċt Filíoċta: Duais £10 —Tá an duais roinnte idir Seán Ó Gallċóir, Coiṫín, Doire Beag, agus Pádraig Mac Suiḃne, Cúil Aoḋa, Macromṫa, Co. Ċorcaí.

Iarraċt Filíoċta: An ċéad duais £12: Seán Ó Leoċáin, 36 Ardán Naoṁ Áine, Áṫ Luain. An dara duais £8: Maolṁaoḋóg Ó Ruairc, Ros Liaṫ, Co. Ḟearmanaċ.

Tráċtas: Duais £25 — Seán Ó Leoċáin, 36 Ardán Naoṁ Áine, Áṫ Luain.

Ceol: Fonn nua a ċeapaḋ gan tionlacan d'aṁráin Gaeilge ná fuil fonn luaite ċeana leis: Duais £10: Séamas P. Breatnaċ, 28 Ascal an Ċaisleáin, Dúrlas Éile, Co. Tiobraid Árann.

Gléasaḋ ar Aṁrán Gaeilge do Ċór Fear (T.T.B.) nó do Ċór Ban (S.S.A.) Duais £10 — Séamas P. Breatnaċ, 28 Ascal an Ċaisleáin, Dúrlas Éile.

Cóiriú le tionlacan ar aṁrán Gaeilge do ġuṫ fir nó do ġuṫ mná. Duais £10 — Séamas P. Breatnaċ, 28 Ascal an Ċaisleáin, Dúrlas Éile.

Duais Óstán Talbóid (Loċ-Garman): £10-10-0 do ġléasaḋ ar aṁrán Gaeilge do ċór measctа (S.A.T.B.) — Séamas P. Breatnaċ, 28 Ascal an Ċaisleáin, Dúrlas Éile.

Duais Ċairde na Cruite — An té is fearr a ċuirfiḋ cóiriú ar trí aṁráin Ġaeilge le haġaiḋ guṫa áiriṫe maraon le tionlacan don Ċruit Gaelaċ. Duais £10. —Cian S. Ó hÉigeartaiġ, 37 Bóṫar na hArd Páirce, Áṫ Cliaṫ 6.

Dréaċt Nua a ṁairfiḋ seaċt nóiméad a ċeapaḋ is a ċóiriú don Ċruit Gaelaċ. Duais £10 — S. P. Breatnaċ, 28 Ascal an Ċaisleáin, Dúrlas Éile.

Comórtas do na Coláiste Oiliúna: Rannta beaga a ċeapaḋ do páistí: Ceiṫre duaiseanna de £2-10-0 an ceann do gaċ Coláiste Oiliúna. Duaiseoirí: Coláiste Oiliúna Ḃantiarna na Trócaire, An Ċarraig Ḋuḃ, Co. Áṫa Cliaṫ — Áine A. Ní Ċiarraiġ, An tSr. Maitias Nic Ṡeoin, An tSr. M. Íde Ní Ċearḃaill, Ḃaléirí Mercer. Coláiste Oiliúna Ṁuire Gan Smál, Luimneaċ — An tSr. Patrice, Fidelma Ní Ḋuiḃir, Bríd Ní Leoċáin, Eilís Ní Laoġaire.

Eaċléim

Ḃí damsa mór i halla Naoṁ Breannán, Eaċléim, Dé Doṁnaiġ seo ċaite, an 3ú lá de Ḋeireaḋ Fóṁair, le airgead a ṫógáil fá ċoinne ciste Ċumann Iascaireaċt Farraige, Béal an Ṁuirtid. Ḃí slua mór i láṫair.

Fanann an Corn Sam MacGuidir i nGaillimh

CEPIEANN AR FIRTOSAIĠ ĊIARRAIĠE

Gaillim 0-12; Ciarraiġe 0-9.

Os coṁair slua 77,735, ḃain Gaillim Craoḃ na hÉireann nuair a ḃuail siad Ciarraiġe 0-12 go 0-9 agus tá an táḃaċtaċ ag baint leis an gcluiċe seo mar ḋeirtear go ḃfuil deireaḋ le foireann ar biṫ a ṫéann go dtí na Státaí Aontuiṫe, aċ cruṫaiġ Gaillim naċ ḃfuil. Ċuaiġ Gaillim anonn i mbliana agus d'imir siad faoi teoċt 90° ag deireaḋ mí Meiṫim agus anois ḃain siad an cluiċe mór don dara uair ina ḋiaiḋ a ċéile, agus tá siad ar ċoṁstaid leis an Caḃáin, Muigeo agus An Dúin.

Ní ḃeaḋ mórán le rá fé'n gcluiċe seo mar an ċéad-ḃomaite ḃí Gaillim ar barr agus ní ḟaca mé foireann Ċiarraiġe ariaṁ coṁ holc leis an ḃfoireann a ḃí acu ar an ócáid seo. Ní raiḃ tuiscint ċineál ar biṫ acu, aċan fear acu gá imirt a ċluiċe féin. Cluiċe ab' ea é naċ raiḃ scill ar biṫ ann agus cé gur ḋearn Gaillim iarraċt peil a imirt ní ḃfuair siad mórán cuidiú ó Ċiarraiġe.

Ón ċéad bomaite ḃí sé le feiceáil go raiḃ Gaillim ar barr. Ḃí tuiscint níos fearr acu agus ní raiḃ siad ċoṁ garḃ le Ciarraiġe. Ní raiḃ an ċaigdeán ró-árd agus is féidir an loċt a ċur ar na peileadóirí iad féin mar aċan uair a ḃris tosaċ ar biṫ ar siúl deireaḋ air agus leagaḋ go dtí an talaṁ é. Na fir tosaiġ a ḃí ag Ciarraiġe ḃíodar go holc ar fad. Níor ṡeas éinne acu amaċ. agus ní ḃfuair siad seans ar biṫ ó ċúil na Gaillime go h-áitrid Máirtín Ó Tnúṫáil. D'imir sé an cluiċe a b'ḟearr dá ṡaol, agus gan aṁras ar biṫ an fear ab' ḟearr a ḃí ar an bpáirc.

I lár na páirce ḃí ag éirí go maiṫ le Míċíl Ó Conaill agus Donnċa Ó Súilleaḃáin in áit a raiḃ an laṁ an uaċtair acu ar Ṗádraig Ó Doṁnalláin agus Míċíl Mac Gearróid, aċ nuair a ċuaiġ Ó Doṁnailláin ar Ó Conaill ḃí an buntaiste ag Gaillim ansin. Pádraig Ó Gríoḃṫa an t-aon tosaí aṁáin a ṡeas amaċ do Ċiarraiġe aċ rinne Bearnard Ó Ceallaċáin a ḋíċeall agus ní féadṫa loċt ar biṫ a ċur air. Ins na cúil do Ċiarraiġe d'imir Gearóid Ó Concuḃair go maiṫ agus Séamas Ó Murċú.

Do Ġaillim d'imir aċan fear acu a páirteaċ. Máirtín Ó Tnúṫáil an fear a b'ḟearr acu uiliġ ins na cúil agus fuair sé cuidiú maiṫ ó Seán Ó Doṁnalláin go dtí go dtáinig an mí-aḋ air nuair a cuireaḋ as an bpáirc é. D'imir na tosaiġ uiliġ go maiṫ fosta aċ deireann gur Séamas Ó Liodáin an fear ab' ḟearr acu uiliġ, b'éigin do Ċiarraiġe Donnċaḋa Ó Súilleaḃáin a ṫaḃairt arais air sa dara leaṫ.

Do Ġaillim fuair C. Ó Dúinn 0-4; S. Ó Liodáin 0-3, P. Ó Doṁnalláin 0-2; S. Ó Cianúin 0-2: M. Mac Gearróid 0-1.

Do Ċiarraiġe fuair B. Ó Ceallaċáin 0-6, M. Ó Conaill 0-2; M. Ó Duiḃir 0-1.

Doire 2-8; Ciarraiġe 2-4.

Ḃain Doire Craoḃ an Mionúr don ċéad uair i gcluiċe a raiḃ an-ṁaiṫ ar fad. Peil maiṫ a ḃí ann agus cuir Doire sompla maiṫ os coṁair na foirne eile conas ba ċeart díoḃṫa an cluiċe a imirt. Ḃí mionúr den foireann seo ag freastal ar Coláiste Colmcille, Doire. Anuraiḋ agus caiṫfear an molaḋ a ṫaḃairt don Aṫar Mac Cuillán agus Seán Ó Conaill a ġlac ceannas na foirne eatarrú an ċéad ċluiċe a d'imir siad.